Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13366/23**

**INF 215**
**API 159**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 523 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN maidir le cur i bhfeidhm in 2022 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 523 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 523 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.9.2023
COM(2023) 523 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

**maidir le cur i bhfeidhm in 2022 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún**

# Clár Ábhar


1. Réamhrá ........ 2

2. Faisnéis agus doiciméid a chur ar fáil trí chláir agus shuíomhanna gréasáin ........ 3

3. Anailís ar na hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid ........ 4

3.1. Líon na n-iarratas (Iarscríbhinn — Táblaí 3 agus 4) ........ 4

3.2. Cion na n- iarratas in aghaidh Ard- Stiúrthóireacht/Sheirbhís an Choimisiúin Eorpaigh (Iarscríbhinn – Tábla 5) ........ 5

4. Eisceachtaí a cur i bhfeidhm maidir leis an gceart rochtana ........ 7

4.1. Cineálacha rochtana a cuireadh ar fáil (Iarscríbhinn – Táblaí 8 agus 9) ........ 7

4.2. Eisceachtaí a agraíodh ar an gceart rochtana (Iarscríbhinn — Tábla 10) ........ 8

5. Gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh ........ 9

6. Cásdlí nua maidir le rochtain ar dhoiciméid ........ 9

6.1. An Chúirt Bhreithiúnais ........ 9

6.1.1. Soiléiriú ar roinnt rialacha nós imeachta ........ 10

6.2. An Chúirt Ghinearálta ........ 10

6.2.1. Soiléiriú ar roinnt rialacha substainteacha ........ 11

6.3. Cásanna cúirte nua a tugadh in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh in 2022 ........ 12

# 1. RÉAMHRÁ

Dréachtaítear an tuarascáil bhliantúil seo i gcomhréir le hAirteagal 17(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001[1] maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (dá ngairtear 'Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001' anseo feasta). Cumhdaítear leis cur chun feidhme an Choimisiúin Eorpaigh in 2022 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus tá sé bunaithe ar shonraí staidrimh, a dtugtar achoimre orthu san Iarscríbhinn[2]. Tagraítear inti freisin do thorthaí an Ombudsman Eorpaigh maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ag an gCoimisiún Eorpach agus na rialuithe a thug Cúirteanna an Aontais Eorpaigh.

Is iad an trédhearcacht, an tsláine agus an chuntasacht réamhriachtanais fhíor- riachtanacha an daonlathais atá bunaithe ar an smacht reachta. Is príomhphrionsabail iad chun an dea- rialachas a chur chun cinn agus muinín a chothú sa phróiseas ceaptha beartais, agus ar an gcaoi sin dlisteanacht agus inchreidteacht na n- institiúidí poiblí a fheabhsú. Is cloch choirnéil de ghealltanas an Choimisiúin Eorpaigh maidir le trédhearcacht é éifeachtacht cheart rochtana na saoránach ar dhoiciméid atá i seilbh na n- institiúidí a chosaint[3].

Cuireadh tús leis an mbliain 2022 i dtimpeallacht a raibh dóchas le haghaidh an téarnaimh i ndiaidh na paindéime, le tacaíocht ón ionstraim théarnaimh NextGenerationEU. Mar sin féin, ón 24 Feabhra 2022, bhí tionchar ag ionsaí míleata na Rúise in aghaidh na hÚcráine, gan chúis gan údar, ar líon agus ar chineál na n- iarrataí sonracha a cuireadh isteach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

Léiríonn na staitisticí líon na n-iarratas a fuarthas agus na freagraí a tugadh in 2022[4]. Soláthraítear leo sonraí níos cruinne i gcomparáid le blianta roimhe seo, tar éis ceartúcháin ionchódaithe tráthrialta ina dhiaidh sin[5]. Leis na sonraí maidir le cásanna inar nochtadh go hiomlán nó i bpáirt na doiciméid a iarradh, a mhionsonraítear tuilleadh i gCaibidil 4, deimhnítear tiomantas an Choimisiúin Eorpaigh don cheart rochtana ar dhoiciméid mar chuid dá bheartas trédhearcachta foriomlán.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, IO L 145, 31.5.2001, lgh. 43-47, lch. 47

[2] Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, tá na staitisticí a chuirtear i láthair sa Tuarascáil seo bunaithe ar fhigiúirí a bhaintear as feidhmchláir TF an Choimisiúin Eorpaigh an 31 Nollaig 2022, de réir mar a nuashonraítear iad tar éis ceartúcháin ionchódaithe ina dhiaidh sin. Déantar céatadáin sa chuid insinte den Tuarascáil a shlánú go dtí an deachúil is gaire.

[3] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/new-push-european-democracy_en

[4] Ní léiríonn an staidreamh líon na ndoiciméad a iarradh nó a nochtadh (i bpáirt) a bhí i bhfad níos líonmhaire toisc go bhféadfadh iarratais aonair baint a bheith acu le roinnt doiciméad nó fiú le comhaid iomlána a bhaineann le hábhar nó nós imeachta ar leith.

[5] Ar an gcúis sin, d'fhéadfadh difríocht bheag a bheith idir na figiúirí a chuirtear ar fáil sa tuarascáil seo agus na figiúirí a cuireadh ar fáil sna tuarascálacha roimhe seo.

Sa Choimisiún Eorpach, is ar bhonn díláraithe a láimhseálann Ard-Stiúrthóireachtaí agus seirbhísí éagsúla an Choimisiúin an chaoi a ndéileáiltear le hiarratais thosaigh ar rochtain ar dhoiciméid.

Déileálann Aonad na hArdrúnaíochta um '*Thrédhearcacht, Bainistiú Doiciméad agus Rochtain ar Dhoiciméid'* le hiarrataí daingniúcháin, chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú riaracháin neamhspleách ar na freagraí a tugadh ag an gcéim thosaigh.

Rinne an tAonad bainistiú freisin ar GestDem – an córas TF inmheánach a bhí ann roimhe seo ar fud an Choimisiúin Eorpaigh chun iarrataí tosaigh agus daingniúcháin ar rochtain ar dhoiciméid a láimhseáil. Ag an am céanna, le linn 2022, rinne an Coimisiún Eorpach forbairt an chóras atá i bhfeidhm faoi láthair a chur i gcrích chun iarrataí den sórt sin a láimhseáil trí thairseach leictreonach ar líne, is é sin 'Rochtain Leictreonach ar Dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh' (nó 'EASE'). Sheol an Coimisiún EASE i mí Mheán Fómhair 2022. Tá sí ina dhá chuid:

(1). tairseach nua ar líne lenar féidir le saoránaigh – i measc feidhmiúlachtaí eile – níos mó a fhoghlaim faoi rochtain ar dhoiciméid, iarratais tosaigh agus iarratais daingniúcháin a chur isteach, treoraíocht a fháil, cásanna leanúnacha agus cásanna roimhe seo a leanúint, a sonraí pearsanta a bhainistiú, cumarsáid a dhéanamh leis an gCoimisiún, an freagra a fháil go leictreonach, doiciméid a nochtar d'iarratasóirí eile a chuardach[6], agus;

(2). córas nua bainistithe cásanna a ligeann d'fhoireann an Choimisiúin na hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid a chlárú, a shannadh agus a láimhseáil.

Cuireadh an córas nua in ionad an tseanchórais GestDem anois agus tá gnóthachain éifeachtúlachta ag baint leis an gcóras nua agus cuireann sé leis an bpróiseas foriomlán a bhaineann le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid de chuid an Choimisiúin a chur isteach agus a láimhseáil ar bhealach níos uathoibríche, níos soiléire agus níos trédhearcaí, do shaoránaigh agus don Choimisiún araon.

Tacaíonn an tSeirbhís um Chartlanna Stairiúla (HAS) le ranna an Choimisiúin i gcásanna ina mbíonn rochtain ar iarratais ar dhoiciméid a bhaineann le cartlanna Coimisinéirí roimhe seo agus a nAireachtaí. In 2022 sholáthar HAS cúnamh in 145 chás[7], don Ard- Rúnaíocht (43) agus d'Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta (21), don Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (20), don Ard- Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí (19), don Ard- Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil (19) agus d'Ard- Stiúrthóireacht na Trádála (17).

[6] https://www.ec.europa.eu/transparency/documents-request
[7] I gcomparáid le 175 cinn in 2021.

## 2. FAISNÉIS AGUS DOICIMÉID A CHUR AR FÁIL TRÍ CHLÁIR AGUS SHUÍOMHANNA GRÉASÁIN

Foilsíonn an Coimisiún réimse leathan doiciméad dlíthiúil, beartas, riaracháin agus eile go réamhghníomhach ar shuíomhanna gréasáin agus cláir dhifriúla[8]. Tá go leor de dhoiciméid den sórt sin ar fáil ar Chlár Dhoiciméid an Choimisiúin, ar Chlár na nGníomhartha Tarmligthe agus ar chláir chorparáideacha eile atá á mbainistiú ag an Ard-Rúnaíocht, agus tá cuid eile acu ar fáil ar shuíomhanna gréasáin atá á mbainistiú ag Ard-Stiúrthóireachtaí nó EUR-Lex.

In 2022, cuireadh 12,196 doiciméad nua le RegDoc (féach Iarscríbhinn — Tábla 1), a thagann faoi na catagóirí seo a leanas: C, COM, JOIN, OJ, P, PV, SEC nó Doiciméad Inmheánach Oibre[9].

In 2022, shroich líon na gcuairteoirí ar shuíomh gréasáin 'Rochtain ar Dhoiciméid' ar *Europa*[10] 13,966. Shroich líon na n- amharc ar leathanaigh 32,685 (féach Iarscríbhinn – Tábla 2).

## 3. ANAILÍS AR NA HIARRATAIS AR ROCHTAIN AR DHOICIMÉID

### 3.1. Líon na n-iarratas[11] (Iarscríbhinn — Táblaí 3 agus 4)

Mar a léirítear leis an ngraf thíos, in 2022, bhí 7,410 iarratas tosaigh ann. Thug an Coimisiún Eorpach 7,503 freagra faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus 8,649 freagra san iomlán[12].

---


[8] Tá liosta na bhfoinsí ar fáil e.g., trí https://commission.europa.eu/about-european-commission/service-standards-and-principles/transparency/access-documents/how-access-commission-documents_en.

[9] Is é sin, C: Gníomhartha uathrialacha an Choimisiúin; COM: Tograí reachtacha ón gCoimisiún agus doiciméid eile a chuirtear in iúl d'institiúidí eile, mar aon lena bpáipéir ullmhúcháin; JOIN: Gníomhartha Comhpháirteacha ón gCoimisiún agus ón Ard-Ionadaí; IO: Cláir oibre chruinnithe an Choimisiúin; P: Cinntí ó Uachtarán an Choimisiúin; PV: Miontuairiscí chruinnithe an Choimisiúin; SEC: Doiciméid de chuid an Choimisiúin nach féidir a aicmiú in aon cheann de na sraitheanna eile; Doiciméad Inmheánach Oibre: Doiciméid inmheánacha oibre de chuid an Choimisiúin.


[10] Rochtain ar dhoiciméid: https://commission.europa.eu/about-european-commission/service-standards-and-principles/transparency/access-documents_en.

[11] Soláthraítear tuilleadh staidrimh maidir le próifíl shóisialta agus próifíl ghairme agus maidir le tionscnamh geografach na n- iarratasóirí i dtáblaí 6 agus 7 den Iarscríbhinn.

[12] Cuimsíonn líon na bhfreagraí, gach cineál oibre leantaí a chuir an Coimisiún Eorpach ar fáil, ag dul ó fhreagraí a cuireadh ar fáil faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 (lena n-áirítear i gcás nach sealbhaítear aon doiciméad) go dtí freagraí a cuireadh ar fáil faoi chreataí dlíthiúla éagsúla (mar gheall ar ábhar an iarratais nó stádas an iarratasóra, etc.) nó fiú iarratais a dúnadh tar éis mhainneachtain na n-iarratasóirí soiléirithe a iarradh a sholáthar nó ceanglais nós imeachta a chomhlíonadh.




A mhéid a bhaineann le hiarratais daingniúcháin lena n-iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar na freagraí tosaigh lena ndiúltaítear rochtain go hiomlán nó go páirteach, shroich líon na n-iarratas sin 418 in 2022, rud a léiríonn méadú suntasach 17.8 % i gcomparáid le 2021. Thug an Coimisiún Eorpach 296 freagra faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus 398 bhfreagra san iomlán[11].





## 3.2. Cion na n- iarratas in aghaidh Ard- Stiúrthóireacht/Sheirbhís an Choimisiúin Eorpaigh (Iarscríbhinn – Tábla 5)[13]

In 2022, fuair an Ardrúnaíocht an cion is airde d'iarratais tosaigh (11.7 %). Ina dhiaidh sin, bhí an Ard- Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus

[13] Na sonraí a bhaineann leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ('OLAF') a léirítear thíos, baineann siad go heisiach le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid a bhaineann lena gníomhaíochtaí riaracháin, a taifeadadh in GestDem nó in EASE. Maidir le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid a bhaineann lena ghníomhaíochtaí imscrúdaitheacha, i ngeall ar íogaireacht ar leith na ngníomhaíochtaí sin, tá siad faoi réir nós imeachta sonrach i gcomhréir le hAirteagal 3(3) agus Airteagal 4 de na rialacha Mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Thairis sin, ba cheart a chur i dtábhacht, ó bunaíodh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), nach gcoimeádtar ach doiciméid de chuid na Seirbhíse um Ionstraimí Beartais Eachtraigh laistigh den Choimisiún Eorpach.


Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (8.7 %), Ard- Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (8.3 %), an Ard- Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (7 %), agus an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (5.7 %). Bhí níos lú ná 5 % de na hiarratais tosaigh uile ag gach ceann de na ranna eile de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

**IARRATAIS TOSAIGH 2022**




In 2022, chuir an Ardrúnaíocht an cion is airde d'iarratais daingniúcháin isteach i ndáil le cásanna a láimhseáil an Ardrúnaíocht ag an gcéim thosaigh (12.0 %). Ina dhiaidh sin, bhí Ard- Stiúrthóireacht an Fhuinnimh (10.1 %), an Ard- Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil (9.1 %), an Ard- Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí (7.4 %), Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (7.2 %), an Ard- Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (6.7 %), agus an Ard- Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile (5.5 %). Bhí níos lú ná 5 % de na hiarratais daingniúcháin uile ag gach ceann de na ranna eile de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.


**IARRATAIS DAINGNIÚCHÁIN 2022**




## 4. EISCEACHTAÍ A CUR I BHFEIDHM MAIDIR LEIS AN GCEART ROCHTANA[14]

Tá an ceart rochtana dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 faoi réir roinnt eisceachtaí sonracha, a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán. Ní mór údar a bheith le haon diúltú, bíodh sé iomlán nó páirteach, faoi cheann amháin ar a laghad de na heisceachtaí sin.


### 4.1. Cineálacha rochtana a cuireadh ar fáil (Iarscríbhinn – Táblaí 8 agus 9)





[14] Ní chumhdaítear leis na sonraí le haghaidh 2022 i gCaibidil 4 ach na freagraí a tugadh go dtí an 23 Meán Fómhair 2022 nuair a aistríodh na sonraí ón bhfeidhmchlár um rochtain inmheánach dhíchoimisiúnaithe ar dhoiciméid GestDem chuig an bhfeidhmchlár nua EASE. Léireofar na sonraí atá ionchódaithe in EASE sna tuarascálacha bliantúla atá le teacht.

4.2. Eisceachtaí a agraíodh ar an gceart rochtana[15] (Iarscríbhinn — Tábla 10)




## 5. Gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh

In 2022, d'oscail an tOmbudsman Eorpach 56 fhiosrúchán nua i gcás ina raibh rochtain ar dhoiciméid ar an bpríomhchuid nó ar fhochuid den ghearán, i gcomparáid le 41 fhiosrúchán in 2021, agus dhún sé 44 ghearán, i gcomparáid le 32 cheann in 2021[16].

[15] Bunaithe ar Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Ní úsáidtear an chatagóir 'Agóid Bhallstát nó thríú páirtí' a thuilleadh, toisc nach eisceacht í de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Mar sin féin, feictear ann í go fóill toisc nár cheadaigh na sonraí loma a bhí ar fáil plé i gcónaí i gcomhréir le heisceachtaí Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

Ina fhianaise sin, in 2022, in dhá cheann de na 44 chás dúnta, d'aimsigh an tOmbudsman Eorpach cásanna drochriaracháin[17]. Dúnadh na 42 chás eile gan aon ráiteas nó moladh maidir le feabhsú.

## 6. CÁSDLÍ NUA MAIDIR LE ROCHTAIN AR DHOICIMÉID

### 6.1. An Chúirt Bhreithiúnais

In 2022, thug an Chúirt Bhreithiúnais dhá orduithe[18] agus breithiúnas amháin[19] ar achomharc a bhain leis an gceart rochtana poiblí ar dhoiciméid faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 i gcás ina raibh an Coimisiún Eorpach ina pháirtí sna himeachtaí, i gcomparáid le dhá bhreithiúnas.

I gcás amháin, tar éis chinneadh an iarratasóra chun scor de na himeachtaí, d'ordaigh an Chúirt Bhreithiúnais go mbainfí an cás de Chlár na Cúirte[20].

I gcás amháin, dhiúltaigh sí don achomharc toisc é a bheith, i bpáirt, neamh- inghlactha go follasach, agus, i bpáirt, gan bhunús go follasach[21].

I gcás amháin, chuir sí ordú na Cúirte Ginearálta ar leataobh a mhéid a rinne an Chúirt Ghinearálta, leis an ordú sin, an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith neamh- inghlactha, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta agus an t- achomharc a dhíbhe maidir leis an gcuid eile[22].

#### *6.1.1. Soiléiriú ar roinnt rialacha nós imeachta*

D'athdhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais nach bhfuil sé de cheangal ar an iarratasóir tagairt shainráite a dhéanamh do Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 chun go ndéileálfar leis an iarratas ar rochtain ar dhoiciméid faoin Rialachán seo, fiú nuair a bhaineann na doiciméid a iarradh le himscrúduithe arna rialú ag reachtaíocht shonrach eile a bhféadfadh gur thagair an t- iarratasóir dóibh[23].

---

[16] Baineann na staitisticí le cásanna an Ombudsman Eorpaigh maidir le gach roinn de chuid an Choimisiúin Eorpaigh seachas an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise.

[17] I gcás 1316/2021, d'iarr an gearánach rochtain ar theachtaireachtaí téacs agus ar dhoiciméid eile a bhain leis an bplé idir Uachtarán an Choimisiúin agus POF cuideachta cógaisíochta maidir le ceannach vacsaíní COVID- 19. Ba é tuairim an Choimisiúin nach gcomhlíonann teachtaireachtaí téacs a chritéir inmheánacha maidir le clárú doiciméad toisc go bhfuil a n- ábhar gearrshaolach. Ba é tuairim an Ombudsman gur drochriarachán a bhí i gceist nach ndearna an Coimisiún na teachtaireachtaí sin a shainaithint agus a mheasúnú. I gcás 211/2022, d'iarr an gearánach rochtain ón gCoimisiún, *inter alia*, ar ríomhphoist óna ionadaithe atá lonnaithe sa Ghréig maidir le staid na himirce in dhá theophointe. Dheimhnigh an Coimisiún nach raibh na ríomhphoist a d'iarr an gearánach ann a thuilleadh, toisc gur scriosadh iad i gcomhréir leis an mbeartas coinneála is infheidhme agus nár chomhlíon siad critéir chlárúcháin na ndoiciméad. Ba é tuairim an Ombudsman gur drochriarachán a bhí i gceist an tráth sin toisc nár shainaithin agus nach ndearna an Coimisiún measúnú ar na ríomhphoist sin a bhí fós ann an tráth sin.

[18] Orduithe an 1 Feabhra 2022, *ViaSat, Inc.* v *An Coimisiún Eorpach*, C- 235/20 P, EU:C:2022:94; an 19 Bealtaine 2022, *TUIfly GmbH* v *An Coimisiún Eorpach*, C- 764/21 P, EU:C:2022:407.

[19] Breithiúnas an 13 Eanáir 2022, *Liviu Dragnea* v *An Coimisiún Eorpach*, C- 351/20 P, EU:C:2022:8.

[20] Ordú in *ViaSat, Inc.* v *An Coimisiún Eorpach*, C- 235/20 P, *op.cit*.

[21] Ordú in *TUIfly GmbH* v *An Coimisiún Eorpach*, C- 764/21 P, *op.cit*.

[22] Breithiúnas in *Liviu Dragnea* v *An Coimisiún Eorpach*, C- 351/20 P, *op.cit*.

[23] Breithiúnas in *Liviu Dragnea* v *An Coimisiún Eorpach*, C- 351/20 P, *op.cit*. Míreanna 71-75.

## 6.2. An Chúirt Ghinearálta

In 2022, thug an Chúirt Ghinearálta 26 bhreithiúnas nó ordú in imeachtaí a raibh an Coimisiún Eorpach ina pháirtí iontu i ndáil le cinntí a bhain leis an gceart rochtana ar dhoiciméid faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001[24], i gcomparáid le 11 cheann in 2021.

Rinneadh an chaingean le haghaidh neamhniú a dhíbhe i seacht gcás[25]. I gcúig chás, dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta nach raibh aon ghá le breithniú a dhéanamh[26]. I sé chás, rinneadh an chaingean a dhíbhe toisc é a bheith neamh- inghlactha[27] nó toisc í a bheith neamh- inghlactha go follasach[28]. I gcás amháin, dhearbhaigh sí nach raibh aon ghá breithniú a dhéanamh agus an chuid eile den chaingean a dhíbhe[29]. In dhá chás, chinn sí nach raibh aon ghá le breithniú, agus go ndearnadh an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith neamh- inghlactha[30] nó toisc í a bheith neamh- inghlactha go follasach[31].

I gcás amháin, d'ordaigh sí an cinneadh a neamhniú[32]. In aon chás amháin, dhearbhaigh sí nach raibh aon ghá le breithniú a dhéanamh ar chuid den éileamh, d'ordaigh sé go ndéanfaí an cinneadh atá á chonspóid a neamhniú sa mhéid gur dhiúltaigh sé rochtain a thabhairt ar na

[24] Orduithe an 2 Meitheamh 2022, *Bertalan Tóth* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 17/22; an 17 Lúnasa 2022, *Edward William Batchelor* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 85/18; an 8 Samhain 2022, *Hahn Rechtsanwälte PartG mbB* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 87/22; an 8 Meitheamh 2022, *An Ungáir* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 104/22 R; an 25 Márta 2022, *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 151/21, EU:T:2022:208; an 6 Aibreán 2022, *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 154/21, EU:T:2022:231; an 12 Deireadh Fómhair 2022, *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 165/22; an 18 Márta 2022, *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 232/21; an 5 Deireadh Fómhair 2022, *Andrea Homoki* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 517/19 INTP; an 13 Bealtaine 2022, *Patrick Swords* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 586/21, EU:T:2022:294; an 22 Samhain 2022, *Validity Foundation* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 640/20; an 12 Bealtaine 2022, *ClientEarth AISBL* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 661/21, EU:T:2022:286; an 1 Márta 2022, *Smart Kid S.A.* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 712/21; an 14 Meán Fómhair 2022, *Liviu Dragnea* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 738/18 RENV; an 6 Iúil 2022, *ClientEarth AISBL* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 792/21; agus breithiúnais an 19 Deireadh Fómhair 2022, *'Sistem ecologica' production, trade and services d.o.o. Srbac* v *An Coimisiún Eorpach*, T-81/21, EU:T:2022:641; an 2 Márta 2022, *Huhtamaki Sàrl* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 134/20, EU:T:2022:100; an 28 Meán Fómhair 2022, *Agrofert, a.s.* v *Parlaimint na hEorpa*, T- 174/21, EU:T:2022:586; an 5 Deireadh Fómhair 2022, *Ondřej Múka* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 214/21, EU:T:2022:607; an 5 Deireadh Fómhair 2022, *Giorgio Basaglia* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 257/21, EU:T:2022:608; an 14 Meán Fómhair 2022, *Pollinis France* v *An Coimisiún Eorpach*, Cásanna Uamtha T- 371/20 agus T- 554/20, EU:T:2022:556; an 7 Meán Fómhair 2022, *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 448/21, EU:T:2022:525; an 6 Aibreán 2022, *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 506/21, EU:T:2022:225; an 12 Deireadh Fómhair 2022, *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 524/21, EU:T:2022:632; an 1 Meitheamh 2022, *Algebris (an Ríocht Aontaithe) agus Anchorage Capital Group* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 570/17, EU:T:2022:314; an 7 Meán Fómhair 2022, *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 651/21, EU:T:2022:526.

[25] Breithiúnais in *'Sistem ecologica' production, trade and services d.o.o. Srbac* v *An Coimisiún Eorpach*, T-81/21, *op.cit.*; *Ondřej Múka* v *An Coimisiún Eorpach*, T-214/21, *op.cit*; *Giorgio Basaglia* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 257/21, *op.cit.*; *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 448/21, *op.cit*; *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 506/21, *op.cit.*; *Algebris (An Ríocht Aontaithe) agus Anchorage Capital Group* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 570/17, *op.cit.*; *Hans-Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T-651/21, *op.cit.*

[26] Is é sin, orduithe in *Bertalan Tóth* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 17/22, *op.cit.*; *Patrick Swords* v *An Coimisiún Eorpach*, T-586/21, *op.cit.*; *ClientEarth AISBL* v *An Coimisiún Eorpach*, T-661/21, *op.cit.*; *Liviu Dragnea* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 738/18 RENV, *op.cit.*; *ClientEarth AISBL* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 792/21, *op.cit.*

[27] Is é sin, orduithe in *Edward William Batchelor* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 85/18, *op.cit.*; *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 165/22, *op.cit.*; *Andrea Homoki* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 517/19 INTP, *op.cit.*

[28] Is é sin, orduithe in *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 151/21, *op.cit.*; *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 154/21, *op.cit.*; *Smart Kid S.A.* v *An Coimisiún Eorpach*, T-712/21, *op.cit.*

[29] Breithiúnas in *Agrofert, a.s.* v *Parlaimint na hEorpa*, T- 174/21, *op.cit.*

[30] Ordú in *Validity Foundation* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 640/20, *op.cit.*

[31] Ordú in *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 232/21, *op.cit.*

[32] Breithiúnas in *Pollinis France* v *An Coimisiún Eorpach*, Cásanna Uamtha T- 371/20 agus T- 554/20, *op.cit.*

doiciméid lena mbaineann, agus rinne sé an chuid eile den chaingean a dhíbhe[33]. I gcás amháin, d’ordaigh sí an cinneadh a neamhniú agus rinne sé an chaingean maidir leis an gcuid eile a dhíbhe[34].

I gcás amháin, tar éis chinneadh an iarratasóra chun scor de na himeachtaí, d’ordaigh sí go mbainfí an cás de Chlár na Cúirte Ginearálta[35].

I gcás amháin, rinne sí cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hiarratas daingniúcháin ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid de thionscnamh údaráis na hUngáire a chur ar fionraí sa mhéid go dtugann an cinneadh sin rochtain ar dhoiciméid de thionscnamh na n- údarás sin[36].

Faoi chuimsiú an chorpais cásdlí sin a forbraíodh in 2022, bhí an deis ag an gCúirt Ghinearálta soiléiriú a dhéanamh ar shaincheisteanna ag dul ó phointí substainteacha go dtí gnéithe a bhain níos mó le nósanna imeachta a eascraíonn as cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

### *6.2.1. Soiléiriú ar roinnt rialacha substainteacha*

In 2022, bhain na soiléirithe substainteacha a d’eisigh an Chúirt Ghinearálta go bunúsach le cur i bhfeidhm na n- eisceachtaí a bhaineann le cosaint leasanna tráchtála[37], le himeachtaí cúirte[38], comhairle dlí[39], agus le cur i bhfeidhm phróiseas cinnteoireachta na hinstitiúide[40]. Thairis sin, thug an Chúirt Ghinearálta soiléiriú breise ar choincheap an leasa phoiblí[41] sháraithigh agus ar thoimhde ghinearálta na rúndachta[42].

## 6.3. Cásanna cúirte nua a tugadh in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh in 2022

In 2022, tugadh 11 cás a raibh baint ag an gCoimisiún Eorpach leo os comhair na gCúirteanna Eorpacha, i gcomparáid le 27 gcás in 2021.

Baineann naoi gcinn díobh le gníomhaíochtaí a tugadh isteach os comhair na Cúirte Ginearálta[43], ar dúnadh trí cinn acu cheana féin in 2022 leis na horduithe thuasluaite[44].

[33] Breithiúnas in *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 524/21, *op.cit.*
[34] Breithiúnas in *Huhtamaki Sàrl* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 134/20, *op.cit.*
[35] Ordú in *Hahn Rechtsanwälte PartG mbB* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 87/22, *op.cit.*
[36] Ordú in *An Ungáir* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 104/22 R, *op.cit.*
[37] Breithiúnas in *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 651/21, *op.cit.* Mír 108.
[38] Breithiúnas in *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 524/21, *op.cit.* Míreanna 45-47, 49, 60.
[39] Breithiúnas in *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 651/21, *op.cit.* Míreanna 64-65.
[40] Breithiúnais in *Pollinis France* v *An Coimisiún Eorpach*, Cásanna Uamtha T-371/20 agus T- 554/20, *op.cit.* Míreanna 97, 111-113, 116-117, 125-127, 131, 134-136; *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 448/21, *op.cit.* Mír 77; *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T-651/21, *op.cit.* Mír 87.
[41] Breithiúnas in *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 651/21, *op.cit.* Míreanna 42, 66, 90.
[42] Breithiúnais in *Huhtamaki Sàrl* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 134/20, *op.cit.*. Míreanna 59-60, 71-73, 75, 78; *Agrofert, a.s.* v *Parlaimint na hEorpa*, T- 174/21, *op.cit.* Míreanna 92-94; *Ondřej Múka* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 214/21, *op.cit.* Mír 55; *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T-651/21, *op.cit.* Mír 105.
[43] Cásanna *Bertalan Tóth* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 17/22, *op.cit.*; *Asesores Comunitarios, SL* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 77/22; *Hahn Rechtsanwälte PartG mbB* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 87/22, *op.cit.*; *An Ungáir* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 104/22; *Hans-Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 165/22, *op.cit.*; *TotalEnergies Marketing*

Ag an am céanna, tugadh isteach dhá achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais in aghaidh breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta i gcásanna ina raibh an Coimisiún Eorpach ina pháirtí sna himeachtaí[45], agus dúnadh ceann acu cheana féin in 2022 leis an ordú thuasluaite[46].

*Nederland NV* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 332/22; *Herbert Smith Freehills LLP* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 570/22; *Veneziana Energia Risorse Idriche Territorio Ambiente Servizi SpA* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 602/22; *Paola Primicerj* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 612/22.

[44] *Bertalan Tóth* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 17/22, *op.cit.*; *Hahn Rechtsanwälte PartG mbB* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 87/22, *op.cit*.; *Hans- Wilhelm Saure* v *An Coimisiún Eorpach*, T- 165/22, *op.cit.*

[45] Cásanna *Pollinis France* v *An Coimisiún Eorpach*, C- 726/22 P; *TUIfly GmbH* v *An Coimisiún Eorpach*, C- 764/21 P, *op.cit*.

[46] Ordú in *TUIfly GmbH* v *An Coimisiún Eorpach*, C- 764/21 P, *op.cit*.